

**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird  
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 29 Meitheamh 2023 ar 11:00**

**Cruinniú Hibrideach: Seomra Boird Alexander Anderson, an  
Chearnóg, Ollscoil na Gaillimhe, Bóthar na hOllscoile, Gaillimh,  
H91 TK33 agus físchomhdháil**

<p><b>An Bord</b></p>	<p><b>I láthair:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Eoin McVey, Cathaoirleach</li> <li>- An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach</li> <li>- An Dr Marie Bourke</li> <li>- Oll. Maeve Conrick (1-10.1 agus 10.3 trí chóras físchomhdhála)</li> <li>- John Grenham</li> <li>- An Dr. Conor Kostick (córas físchomhdhála)</li> <li>- Caitriona Sharkey</li> <li>- Jennifer Taaffe (5-10.1 agus 10.3 trí chóras físchomhdhála)</li> </ul> <p><b>Leithscéalta:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Lorelei Harris</li> <li>- Lisa Grimm</li> <li>- An tOll. Kalpana Shankar</li> </ul>
<p><b>An Fhoireann</b></p>	<p><b>I láthair:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir (1-13)</li> <li>- Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird (1-13)</li> </ul> <p>D'fhreastail na ball foirne ar fad a liostaítear thíos trí fhíschomhdháil:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (7)</li> <li>- Della Keating, AKI, Bailiú Digiteach (8.2)</li> <li>- Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (8.2)</li> <li>- Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (9.1-9.2)</li> <li>- Colette O'Flaherty, Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann (9.3)</li> </ul>

	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Kieran O’Leary, Bainisteoir um Chaomhnú Digiteach (8.2)</li> <li>- Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO (10.2-10.3)</li> <li>- Sara Smyth, Ceannasaí Gníomhach Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe (8.1)</li> </ul>
<b>Soláthraithe Seirbhíse</b>	<p>Bhí na daoine a leanas i láthair trí fhíschomhdháil:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Olwyn Enright, Stiúrthóir, DHR Communications (7)</li> <li>- Joanne Ahern, Stiúrthóir, DHR Communications (7)</li> </ul>
<p>Tabhair do d’aire: Tá folúntas amháin ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuireann (1-13) in iúl nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh sé/sí i láthair le haghaidh míreanna áirithe sna miontuairiscí.</p>	

## 1. Nótaí oscailte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill an Bhoird chuig an gcéad chruinniú den Bhord Iasmuigh de champas an NLI. Thug an Cathaoirleach, thar ceann an Bhoird, a bhuíochas in iúl don Ollamh Ciarán Ó hÓgartaigh as an mBord a óstáil in Ollscoil na Gaillimhe.

## 2. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Ghlac an Bord leis an gClár Oibre. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach ar an mBord maidir le coinbhleacht leasa, rinneadh na dearbhuithe a leanas:

- Chuir an tOllamh Maeve Conrick in iúl don Bhord maidir le Mír 9.4 ar an gClár Oibre [REDACTED] [REDACTED] tá sí ina ball de Chomhlacht Rialaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh; ach, níor tháinig an t-ábhar os a comhair mar bhall den Chomhlacht sin. Chuir an tOllamh Conrick in iúl don Bhord nach ndéanfadh sí trácht maidir le Mír 9.4 ar an gClár Oibre agus thairg sí í féin a bheith as láthair dá measfadh an Cathaoirleach go raibh gá leis. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Ollamh Conrick as a dearbhú; thug sé faoi deara nach ndéanfadh an tOllamh Conrick trácht maidir le Mír 9.4 ar an gClár Oibre; agus chuir sé in iúl nach raibh gá lena staonadh maidir leis an Mír sin den Chlár Oibre.

- Ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le dearbhú ag baill eile an Bhoird.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Ghlac an Bord leis an gClár Oibre. Rinne an tOllamh Maeve Conrick dearbhú maidir le Mír 9.4 ar an gClár Oibre agus d'aontaigh an Cathaoirleach na bearta atá le leanúint mar thoradh ar an dearbhú. Ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le dearbhú ag baill eile an Bhoird.**

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh an gcruinniú Boird, mura luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad.

### **3. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 27 Aibreán 2023 agus a bhfoilsíú**

Thug Rúnaí an Bhoird aghaidh ar cheist ón mBord maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann le hatheagar a dhéanamh ar na dréacht-mhiontuairiscí agus chuir sé in iúl gur cheart atheagar a bhaint de na miontuairiscí foilsithe nuair nach bhfuil feidhm ag an réasúnaíocht don atheagar tosaigh a thuilleadh. Chuir Rúnaí an Bhoird in iúl don Bhord go dtabharfaí cur síos ar an réasúnaíocht a bhí leis na hatheagair bheartaithe leis na dréacht-miontuairiscí ag dul ar aghaidh.

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go mbeidh cruinniú de NLI, an Chomhairle Oidhreachta, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus Cartlannaí Deoise Bhaile Átha Cliath ar siúl an 21 Iúil 2023 maidir le formhuiniú an Bhoird ar mholadh láidir an Choiste um Ghinealas agus Araltas go gcuirfeadh an Fhoireann Ceannaireachta tús leis an bpróiseas chun teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí cultúrtha ábhartha eile d'fhonn spéis a dhíriú ar mharthanas cartlainne na gclár paróiste Caitliceacha atá ann cheana.

**D'fhaomh an Bord dréacht de na miontuairiscí ó chruinniú Boird an 27 Aibreán 2023 gan aon leasuithe. Mhol an Bord gur gá a bheith chomh hoscailte agus chomh trédhearcach, nuair is féidir. D'fhaomh an Bord foilsíú na miontuairiscí ceadaithe agus na hatheagraithe i bhfeidhm.**

### **4. Nithe ag éirí as**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

## **Luaigh an Bord an méid seo:**

- **Na nithe ag éirí as ar an tábla gníomhaíochta.**
- **Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal maidir leis na socruithe nua ‘Gov & Ops’ atá beartaithe don Tionscadal Forbartha Caipitil.** Chuir an Stiúrthóir an méid seo a leanas in iúl don Bhord: (i) athruithe pearsanra agus athstruchtúrú aonad laistigh den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (D/TCAGSM); agus (ii) na tuairimí a roinn Comhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta (CNCI) le hoifigigh shinsearacha D/TCAGSM ag an gcruinniú a bhí aici le déanaí.
- **D’éirigh Jennifer Taaffe as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 9 Bealtaine 2023.**
- **Ar an 6 Meitheamh 2023, chuir an Bord faomhadh eisceachtúil ar fáil trí ríomhphost chun conradh á bhronnadh ag an NLI ar Hays do Chonraitheoir Speisialtóra Acmhainní Daonna, chun tabhairt faoi obair ar Earcaíocht NLI, [REDACTED].** Thug an Stiúrthóir freagra ar cheist ón mBord maidir le dáta tosaithe an Chonraitheora Speisialtóra AD.

## **5. Tuarascáil Feidhmiúcháin**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Chuir an Stiúrthóir tuilleadh faisnéise ar fáil don Bhord faoi na hailt seo a leanas den Tuarascáil:

- **Forbairt:** Ar an 30 Meitheamh 2023, buailfidh an Stiúrthóir le Stiúrthóir Chomhairle na Breataine in Éirinn.
- **Imeachtaí ar an láthair:** Ar an 4 Iúil 2023, beidh an taispeántas ‘Seamus Heaney: Éist Anois Again’ ag ceiliúradh a cúig bliana.
- **Forbairt Chaipitil:** Tá cead tugtha ag D/TCAGSM do NLI [REDACTED] agus nuair a líontar an post, beifear in ann an Seomra Ealaíne athchóirithe a oscailt mar sheomra léitheoireachta do bhailiúcháin amhairc.
- **Comhoibrithe:** [REDACTED]. D’eisigh an Stiúrthóir cuireadh chuig Stiúrthóir [REDACTED].

Leabharlann Náisiúnta na Gearmáine chun cuairt a thabhairt ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Leagadh amach ranníocaíocht airgeadais NLI le Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) – Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta.

Thug an Stiúrthóir aghaidh ar fhiosruithe ón mBord maidir leis an gcúis a bhí leis an sceitheadh i Stór Áiléir an Sciatháin Thoir; ullmhúcháin atá ar bun chun an t-iarratas pleanála don Tionscadal Forbartha Caipitil a thaisceadh go luath agus an amlíne bheartaithe ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh conraitheoirí ar an láthair; agus nithe a foghlaimíodh ó chomhdhálacha ar fhreastail an Stiúrthóir orthu le déanaí.

Mhol an Bord iarrachtaí rannpháirtíochta an Fheidhmeannais chun grúpaí níos éagsúla a bhaint amach trí thurais an Stiúrthóra; na meáin shóisialta; Lego; an Tionscadal Forbartha Caipitil; athbhreithniú a dhéanamh ar an aois faoinar féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh ar Thicéad Léitheoirí; agus a shealúchais de bhailiúcháin saothair aistrithe údair Éireannacha a mhéadú.

Chuir an Bord fáilte roimh fhaisnéisiú ó bhéal an Stiúrthóra maidir leis na hiarrachtaí athnuaithe léachtlan nua a oscailt in am do rannpháirtíocht an NLI sa chlár comórtha chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó dhámhachtain Nobel Laureate ar WB Yeats.

Thairg ball den Bhord a leabharliosta taighde a roinnt leis an scoláire IRC dá mbeadh sé ina chúnaimh. Thug comhalta eile den Bhord a gcúnaimh don Stiúrthóir chun cur chuige comhoibritheach a bhunú maidir le sealbhú saothar aistrithe údair Éireannacha i mbailiúcháin NLI a mhéadú.

**Thug an Bord dá aire agus rinne sé trácht ar fhaisnéisiú ó bhéal an Stiúrthóra agus ar an Tuarascáil Feidhmiúcháin le leasú i.e. thug an tOllamh Christine Kinealy an léacht ar líne mar chuid de chomóradh bliantúil Lá an Ghorta Mhóir NLI.**

## **6. Coistí an Bhoird**

### **6.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc ón 14 Meitheamh 2023 agus miontuairiscí ón 12 Aibreán 2023.**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird, ag tabhairt le fios go háirithe:

- (i) gur cuireadh páipéir le haghaidh Míreanna an Chláir 10.1 agus 10.2 faoi bhráid an ARC; agus
- (ii) go raibh roinnt míreanna ar mhaith leis an ARC aird an Bhoird a thabhairt orthu, a luaitear go hachomair, mar seo a leanas:
  - Ní mór do NLI teagmháil a dhéanamh arís le D/TCAGSM ar na socruithe pleanáilte Gov & Ops don Tionscadal Forbartha Caipitil.
  - An 23 Samhain 2023, b'fhéidir nach mbeadh ach 2 bhall den Bhord ar an ARC.
  - Amhail an 14 Meitheamh 2023, bhí an NLI ag feitheamh le ceadú chun post an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta a aisliónadh.
  - An t-ardleibhéal scor a bhfuiltear ag súil leo in 2023 agus cúrsaí suime comhfhreagrach amhail pleanáil chomharbais agus an próiseas aisliónta post de réir mar a theastaíonn uaidh D/TCAGSM.

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go bhfuarthas cead ó D/TCAGSM chun post an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta a aisliónadh le déanaí.

**Thug an Bord dá aire tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 14 Meitheamh 202 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste sin ar an 12 Aibreán 2023.**

## **6.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas**

Thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faisnéisiú ó bhéal don Bhord, mar seo a leanas:

- Ní raibh aon chruinnithe sceidealaithe ag an gCoiste idir an gcruinniú Boird roimhe seo agus an ceann reatha;
- Tiocfaidh foghrúpa an Choiste le chéile roimh an gcéad chruinniú CGH eile a luaithe a bheidh comhaltaí an Fheidhmeannais ar fáil;

- Tá an chéad chruinniú eile den Choiste sceidealaithe don 13 Meán Fómhair 2023;
- Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar thuarascáil an fhoghrúpa, ag tabhairt breac-chuntas ar réimse roghanna féideartha a thairiscint don Bhord chun freastal Oifig an Phríomharailt agus tairiscintí ginealais agus araltais NLI a leathnú, ag cur san áireamh na srianta déine ama agus pearsanra faoina bhfeidhmíonn an Leabharlann; agus
- Cuirfidh an Coiste tuarascáil an fhoghrúpa faoi bhráid an Bhoird.

**Thug an Bord tuairisc ó bhéal Chathaoirleach an Choiste maidir leis an CGH dá aire.**

### **6.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí**

In éagmais Chathaoirleach Choiste Comhairleach na Léitheoirí, chuir an Stiúrthóir, mar chomhalta den RAC, faisnéisiú ó bhéal ar fáil don Bhord, mar seo a leanas:

- Ní raibh aon chruinnithe sceidealaithe ag an gCoiste idir an gcruinniú Boird roimhe seo agus an ceann reatha;
- Beidh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl i Meán Fómhair 2023 agus an dáta le deimhniú; agus ag an gcruinniú seo gheobhaidh an Coiste láithreoireachtaí ar leith ó (i) an Dr Miriam Nyhan Grey a bhfuil náisiúnachas imirce, cine, eitneachas agus diaspóra i measc a réimsí spéise agus (ii) Oein DeBhairduin, ball den Lucht Siúil, scríbhneoir, gníomhaí agus oideachasóir.

**Thug an Bord tuairisc ó bhéal bhall an Choiste maidir leis an RAC dá aire.**

## **7. Cur i láthair: Scanadh ar an gComhshaol**

Chuir an Ceann Cumarsáide agus Forbartha, Liz Coffey, Olwyn Enright agus Joanne Ahern, Stiúrthóirí DHR Communications, i láthair an Bhoird.

Chuir an tUasal Enright agus an tUasal Ahern forbhreachnú i láthair an Bhoird dá dtuarascáil dar teideal 'Scanadh Comhshaoil do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Bealtaine 2023'. Sainaitnítear sa scanadh príomhcheisteanna domhanda, an tionchar a bhíonn acu sin ar Éirinn agus na ceisteanna a d'fhéadfadh ann don NLI mar gheall orthu.

Thug an Ceann Cumarsáide agus Forbartha agus an Stiúrthóir aghaidh ar cheisteanna ón mBord maidir le gníomhartha atá beartaithe ag an bhFeidhmeannas a dhéanamh ag eascairt as an bhfaisnéis atá sa tuarascáil sin.

Phléigh an Bord an tuarascáil sin le fócas ar leith ar dhúshláin agus ar dheiseanna a bhaineann le hintleacht shaorga do leabharlanna.

**Thug an Bord dá aire agus phléigh sé an tuarascáil agus an cur i láthair comhfhreagrach ar an 'Scanadh Comhshaoil do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Bealtaine 2023' le DHR Communications.**

## **8. Beartais**

### **8.1 Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú: Beartas Eatramhach um Chosaint Aosach Leochaileacha**

Thug Sara Smyth, Ceannasaí Gníomhach Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe (ELP), breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird.

Thug Ceann Gníomhach an ELP aghaidh ar fhiosruithe ón mBord maidir leis an gcur chuige a ghlac institiúidí cultúrtha náisiúnta eile maidir leis an ábhar seo agus amlíne mheasta faoina gcuirfead Beartas buan um Chosaint Aosach Leochaileacha faoi bhráid an Bhoird lena cheadú.

**D'fhaomh an Bord dréacht-Bheartas Eatramhach um Chosaint Aosach Leochaileacha an Bhoird (doc. 1) agus dhearbhaigh sé nach gá don Fheidhmeannas filleadh ar an mBord chun nuashonruithe oibríochtúla a cheadú (mar shampla, athruithe ar na daoine idirchaidrimh ainmnithe) ar an mBeartas sin. Thug an Bord dá aire go bhfoilseofaí an Beartas sin ar láithreán gréasáin NLI.**



## **8.2 Bailiúcháin Dhigiteacha: Beartas um Chaomhnú Digiteach**

Thug Ceann na mBailiúchán Digiteach breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird le hionchur ó Della Keating, AKI, Bailiú Digiteach agus ó Kieran O'Leary, Bainisteoir um Chaomhnuithe Digiteacha.

Thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach freagra ar cheist ón mBord maidir le hamlíne mheasta chun an Beartas sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin NLI. Mhol an Bord forbairt an Bheartais.

**D'fhormheas an Bord an dréacht-Bheartas um Chaomhnú Digiteach NLI (NLI\_POL1\_36) agus thug sé faoi deara go bhfoilseofar an Beartas faofa ar shuíomh gréasáin NLI.**

## **8.3 Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta**

**Thug an Bord dá aire go gcuirfear an t-athbhreithniú bliantúil ar Ráiteas Sábháilteachta NLI faoi bhráid an Bhoird ag a chéad chruinniú eile.**

## **9. Cásanna Gnó**

### **9.1 Eastáit: Soláthar agus Suiteáil Closamhairc (AV) agus Trealamh Gaolmhar don Léachtlaaa Inrochtana nua**

Thug an Ceannasaí Eastát, Brian O'Donnell, breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó.

Thug an Ceannasaí Eastát aghaidh ar fhiosruithe ón mBord maidir leis an Léachtlan nua lena n-áirítear: an feistiú beartaithe; rannpháirtíocht le grúpaí míchumais; agus an t-ionad a fhrúiliú ar bhonn ráta tráchtála/neamhthráchtála.

**Thug an Bord a cheadú don Fheidhmeannas RFT a fhoilsiú ar r-thairiscintí faoi nós imeachta oscailte le haghaidh Soláthar agus Suiteáil Closamhairc (AV) & Trealamh Gaolmhar don Léachtlan Inrochtana nua.**

**9.2 Eastáit: Measúnú Straitéiseach ar Stóráil Bhailiúcháin agus Riachtanais Mháistirphlean do Champas Shráid Chill Dara**

Thug an Ceannasaí Eastát breac-chuntas ar an gcás ábhartha gnó agus d'fhreagair sé ceisteanna ón mBord faoin bpróiseas soláthair.

**Chuir an Board a cheadú ar fáil don Fheidhmeannas iarratas ar thairiscintí a eisiúint (3 luachan) ar thuarascáil mheasúnaithe straitéisigh ar fhorbairt an Mháistirphlean do champas Shráid Chill Dara, lena n-áirítear réiteach stórála bailiúchán.**

**9.3 Bailiúcháin Speisialta:** [REDACTED]

[REDACTED]

[REDACTED]

[REDACTED]

**9.4 Bailiúcháin Speisialta:** [REDACTED]

[REDACTED]

[Redacted text block]

- [Redacted list item]
- [Redacted list item]

[Redacted text block]

[Redacted text block]

[Redacted text block]

[Redacted text block]

Tabhair do d'aire: De bharr saincheist teicniúil closamhairc, thug an Bord aghaidh ar Mhír 10.3 ar an gClár oibre i dtosach agus ansin Míreanna 10.1 agus 10.2; ach ar mhaithe le soiléireacht, áfach, leanfar leis na miontuairiscí a bheith ag teacht leis an gClár oibre.

## **10. Gnóthaí Corparáideacha**

### **10.1 Cúrsaí Airgeadais**

#### **10.1.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Aibreán 2023**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO, Kathleen Ruane, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

**D’fhaomh an Bord na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Aibreán 2023.**

#### **10.1.2 Litir Uiríll, Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire agus Ráitis Airgeadais (2022)**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Ina theannta sin, mhol an Ceann Airgeadais-CRO go leasódh an Bord Ráitis Airgeadais 2022 chun an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh a thabhairt faoi deara mar Leas-Chathaoirleach i gcomhréir le Riachtanais Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Thug an Ceann Airgeadais-CRO aghaidh ar cheist ón mBord maidir le hioncam araltais.

**D’athbhreithnigh an Bord an dréacht-Litir Uiríll chun an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i dtaca leis na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022. Thug an Bord dá aire Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh chun an Aire don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022.**

**Cheadaigh an Bord na dréacht-Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 faoi réir an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh a thabhairt faoi deara mar Leas-**

## **Chathaoirleach agus aon leasuithe eile a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.**

### **10.2 Bainistíocht Riosca**

#### **10.2.1 Cairt údaraithe, ordú ceannaigh, sonrasc agus athbhreithniú tairisí formheasa íocaíochta**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breacchuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi deara go bhfuil an páipéar chuig an mBord ag teacht leis na moltaí a chuir an ARC ar aghaidh ag a chruinniú den 14 Meitheamh 2023.

**D'fhorghas an Bord an dréachtchairt Údarúcháin nuashonraithe, an t-ordú ceannaigh, an sonrasc agus na tairseacha ceadaithe íocaíochta, lena n-áirítear (i) na tairseacha beartaithe le haghaidh conarthaí arna rialú ag Soláthar (Aguisín A); (ii) tairseacha beartaithe le haghaidh míreanna Bailiúcháin (Aguisín B); agus (iii) údaruithe i bPróiseáil Íocaíochta (Aguisín C).**

### **10.3 Rialachas**

#### **10.3.1 'Cód Stáit' 2022 Seicliosta Comhlíonta do Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála idir D/TCAGSM agus NLI**

Rinne Rúnaí an Bhoird cur síos ar na páipéir ábhartha Boird, lena n-áirítear páipéar forlíontach a scaipeadh ar an mBord ag an gcruinniú. Thug an Ceann Airgeadais-CRO aghaidh ar cheist ón mBord maidir le tuairisceán PQ-29484/23 NLI maidir le comhlíonadh phrótacail agus seasaimh NLI chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais.

**Thug an Bord cead don Fheidhmeannas comhlíonadh an NLI leis an gCód Cleachtas**

**um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) a thaifeadadh trí fhreagairt 'tá', cé is moite d'fhorálacha neamh-infheidhme, do gach ceann de na 147 foráil i 'gCód Stáit' 2022 Seicliosta Comhlíontachta do Chomhlachtaí Stáit Neamhthrachtála idir D/TCAGSM (Táb A).**

**Thug an Bord dá aire go síneoidh an Cathaoirleach ansin an Seicliosta agus go seolfar ar ais chuig an D/TCAGSM é ar an 30 Meitheamh 2023 le haghaidh comhshínithe.**

**Thug an Bord dá aire freisin freagra molta an Fheidhmeannais ar dhá dhoiciméad eile: (i) Tuarascáil Roinne do Chomhlachtaí Stáit Neamhthrachtála (Táb B); agus (ii) tagairtí don Tuarascáil Bhliantúil agus don Tuarascáil Airgeadais do Chomhlachtaí Stáit Neamhthrachtála (Táb C).**

**11. Measúnú seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird**

Chuir Rúnaí an Bhoird in iúl don Bhord go gcaithfear soláthraí seirbhíse ábhartha a sholáthar chun tacú le cur i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as meastóireacht sheachtrach an Bhoird agus a Choistí agus béim tosaigh ar shraith doiciméad rialachais chorparáidigh.

**12. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 31 Lúnasa 2023, 11:00**

**Beidh an chéad chruinniú Boird eile ann Déardaoin, an 31 Lúnasa 2023 ar 11r.n. i Seomra boird NLI.**

**13. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ní eile ag éirí.

**14. Am príobháideach**

Mhol an Cathaoirleach nach mbeadh seisiún príobháideach ag an mBord toisc go raibh lón éadrom ar feitheamh agus go raibh

roinnt gealltanais tráthnóna ag an mBord, lena n-áirítear cur i láthair ó Leabharlannaí agus Leas-Leabharlannaí Ollscoil na Gaillimhe maidir le plan do Learning Commons nua na hOllscoile agus turas teoraithe ar Fhoirgneamh Taighde Hardiman agus Leabharlann James Hardiman.

**Níor reáchtáil an Bord seisiún príobháideach.**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**